



An Garda Síochána

Doiciméad Beartais

An Seomra Rialaithe Náisiúnta

Dáta Éifeachta	10 Meán Fómhair 2020
Leagan Uimh.	1.0
Arna cheadú ag	Feidhmeannach an Gharda
Arna thabhairt isteach le	HQ.042 / 2020
Úinéir Beartais	Coimisinéir Cúnta, Réigiún an Iarthuaiscirt

Cuspóir

Tagann na seomraí Rialaithe Réigiúnacha go léir laistigh den Gharda Síochána faoi shainchúram an Bheartais seo maidir leis an Seomra Rialaithe Náisiúnta agus an doiciméad nós imeachta a bhaineann leis. Léiríonn an Beartas seo cuspóir straitéiseach an Gharda Síochána maidir leis na dualgais atá le déanamh sna Seomraí Rialaithe Réigiúnacha ábhartha. Is é cuspóir an doiciméid seo agus an nós imeachta a ghabhann leis a chinntiú go bhfuil seirbhís chomhsheasmhach, éifeachtach agus éifeachtúil á cur ar fáil ag an eagraíocht do na pobail a bhfreastalaímid orthu, chomh maith le ceanglais a leagan amach a gcloífidh gach pearsanra ábhartha leo agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu. Tacóidh cur chuige comhsheasmhach láimhseála glaonna agus seachadta a dhéantar in éineacht leis na dualgais eile a dhéanann pearsanra laistigh de na hionaid seo leis an nGarda Síochána seirbhís póilíneachta inniúil a sholáthar go leanúnach dár bpobail go léir.

Raon Feidhme

Tá feidhm ag an mBeartas seo agus na doiciméid ghaolmhara go léir maidir le comhaltaí an Gharda Síochána agus foireann an Gharda. Tá feidhm aige chomh maith maidir le Póilíní Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir Alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Ráiteas Beartas

Tá sé mar aidhm ag an nGarda Síochána a fheidhmeanna láimhseála glaonna agus taifeadta teagmhas a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil chun freastal ar éilimh ar sheirbhís agus ardchaighdeán agus fógart dea-chleachtais á gcur chun cinn ag an am céanna. Glacfaidh na Seomraí Rialaithe Réigiúnacha ábhartha faisnéis maidir le glaonna "999/112" agus glaonna neamhéigeandála eile. Cuimsíonn na hionaid seo an tSaoráid Seachadta Lárnach don chóras Seachadta Ríomhchuidithe (CAD). Is é is aidhm don doiciméad beartais agus nós imeachta a ghabhann leis seo comhsheasmhacht a chinntiú maidir le láimhseáil glaonna agus taifeadadh teagmhas i ngach ceann de na Seomraí Rialaithe Réigiúnacha le haghaidh glaonna **éigeandála** agus **glaonna neamhéigeandála** ar sheirbhís arson.

Is féidir glaonna ar sheirbhís a chatagóiriú mar ghlaó éigeandála nó neamhéigeandála mar thoradh ar chineál an ghlaó agus/nó na faisnéise atá ar fáil d'Oibrí an tSeomra Rialaithe. Tá freagrachtaí ar oibríthe glaonna (mar atá leagtha amach sa doiciméad nós imeachta a ghabhann leis) glaonna éigeandála agus neamhéigeandála a thógáil agus a thaifeadadh, na hacmhainní ábhartha atá ar fáil dóibh a stiúradh agus a chomhordú.

Cuimsíonn glaonna éigeandála cúinsí ina dtuairiscítear teagmhas don Gharda Síochána a dteastaíonn freagra láithreach ón nGarda Síochána ina leith, mar shampla:

- Contúirt don bheatha
- Úsáid, nó bagairt láithreach ar úsáid, nó riosca, foréigin
- Mórdhíobháil do dhuine agus/nó Damáiste tromchúiseach do mhaoin
- Coireacht atá ar siúl nó ar tí tarlú
- Ciontóir atá fós ar an láthair nó atá díreach tar éis an láthair a fhágáil
- Neamhord poiblí tromchúiseach a tharlaíonn nó atá ar tí tarlú
- Imbhualadh marfach tráchta nó imbhualadh mórdhíobhála

Is glaonna ar chúnamh iad glaonna neamhéigeandála i gcás nach gcomhlíontar na critéir le haghaidh glao éigeandála. B'fhéidir nach mbeidh freagra an Gharda Síochána ar ghlaó neamhéigeandála láithreach, agus b'fhéidir nach mbeidh gá le freastal comhalta den Gharda Síochána ar láthair teagmhais i gcuid acu. Sa chás nach bhfuil gá le comhaltaí den Gharda Síochána freastal ar láthair teagmhais, déanfar é seo a thaifeadadh ar an gcóras CAD agus/nó ar an eachtra PULSE de réir mar is cuí.

Comhlíonadh

Tá comhlíonadh an Bheartais seo agus na doiciméid ghaolmhara a ghabhann leis éigeantach do gach comhalta den Gharda Síochána agus d'Fhoireann an Gharda Síochána.

Doiciméid Ghaolmhara

- Doiciméad Nós Imeachta maidir le hIonaid an tSeomra Náisiúnta Rialaithe
- Treoir 27/2018 ón gCeannteathrú maidir le Glaonna Gutháin a Thairfeadh
- Treoir 19/2012 ón gCeannteathrú Úsáid & Monatóireacht ar TCI agus Línte Teileafóin Éigeandála a Thairfeadh laistigh de Sheomraí Rialaithe an Gharda Síochána
- Treoir 24/2013 ón gCeannteathrú Iarratais ar shonraí a bhaineann le glaonna teileachumarsáide, nósanna imeachta atá le hoiriúnú agus breithnithe le cur i bhfeidhm

An Beartas reatha agus doiciméad gaolmhar a chealú agus a athsholáthar

- Treoir 67/2016 ón gCeannteathrú - Láimhseáil Glaonna agus Thairfeadh Teagmhas

Scagthástáil ó thaobh an dlí & Cearta Daonna de

Rinneadh scagthástáil ó thaobh an dlí agus Cearta Daonna ar an mBeartas seo i dtéarmaí na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don réimse ábhair lena mbaineann.

Caighdeáin Eiticiúla & Gealltanais

Ní mór do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Athbhreithniú ar Bheartas & Nós Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an mBeartas seo agus ar na doiciméid ghaolmhara 12 mhí óna dháta éifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

Séanadh

Ní bheartaítear gur comhairle dlí atá sa doiciméad seo, ná ní hionann é agus comhairle dlí a mbeifear ag brath uirthi maidir leis an ábhar atá anseo. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí / Treoir 2016/680/AE - An Treoir maidir le hÚdarais Cheartais Choiriúil

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach amháin chun na críocha a shonraítear sa bheartas seo, agus laistigh de bhonn dleathach atá sainithe go soiléir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ((AE) 2016/679) agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnítear sonraí pearsanta slán sábháilte. Is ag pearsanra údaithe amháin a bheidh rochtain ar shonraí pearsanta. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha, agus ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá.